**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2021)0276

## Gné na hinscne sa Bheartas Comhtháthaithe

### Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 maidir le gné na hinscne sa Bheartas Comhtháthaithe (2020/2040(INI))

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus d'Airteagail 6 agus 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'),

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus, go háirithe, prionsabail 2, 3 agus 9 de,

– ag féachaint do Choinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) an 18 Nollaig 1979[1],

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do Sprioc 5 de, go háirithe, a fhéachann le comhionannas inscne a bhaint amach agus na dálaí maireachtála do mhná a fheabhsú faoi 2030[2],

– ag féachaint don Chairt Eorpach um Chomhionannas idir Mná agus Fir sa Saol Áitiúil[3],

– ag féachaint do threoracha AE ó 1975 ar aghaidh maidir le gnéithe éagsúla de chóir chomhionann idir mná agus fir (Treoir 79/7/CEE[4], Treoir 86/613/CEE[5],

---

1 https://www.ohchr.org/documents/professionalinterest/cedaw.pdf
2 https://sdgs.un.org/goals/goal5
3 https://www.ccre.org/docs/charte_egalite_en.pdf
4 Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile (IO L 6, 10.1.1979, lch. 24).
5 Treoir 86/613/CEE an 11 Nollaig 1986 maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne idir mná agus fir a ghabhann do ghníomhaíocht, lena n-áirítear an talmhaíocht, i gcáil fhéinfhostaithe, agus maidir le cosaint do mhná féinfhostaithe le linn toirchis agus máithreachais (IO L 359, 19.12.1986, lch. 56).

Treoir 92/85/CEE[1], Treoir 2004/113/CE[2], Treoir 2006/54/CE[3], Treoir 2010/18/AE[4] agus Treoir 2010/41/AE[5] ),

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Bealtaine 2012 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn d'oibrithe fir agus mná as obair chomhionann nó as obair den luach céanna[6] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 12 Márta 2013 maidir le steiréitíopaí inscne a dhíothú in AE[7] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meán Fómhair 2015 maidir le gairmeacha ban san eolaíocht agus sna hollscoileanna, agus na síleálacha gloine a tháinig chun cinn[8] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Eanáir 2016 maidir le tosca seachtracha arb é atá iontu constaicí ar fhiontraíocht na mban san Eoraip[9] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Aibreán 2016 maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban sa ré dhigiteach[10],

– ag féachaint don staidéar dar teideal *Gender in regional cohesion policy* [Gné na hInscne sa Bheartas Comhtháthaithe Réigiúnach] ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), a foilsíodh an 25 Eanáir 2017[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Feabhra 2017 maidir le comhionannas inscne sa mheabhairshláinte agus sa taighde cliniciúil a chur chun cinn[12],

---

1 Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche (IO L 348, 28.11.1992, lch. 1).

2 Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

3 Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

4 Treoir 2010/18/AE ón gComhairle an 8 Márta 2010 lena ndéantar an Comhaontú Réime athbhreithnithe um shaoire do thuismitheoirí a thug BUSINESSEUROPE, UEAPME, CEEP agus CEC chun críche a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Treoir 96/34/CE (IO L 68, 18.3.2010, lch. 13).

5 Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

6 IO C 264 E, 13.9.2013, lch. 75.

7 IO C 36, 29.1.2016, lch. 18.

8 IO C 316, 22.9.2017, lch. 173.

9 IO C 11, 12.1.2018, lch. 35.

10 IO C 66, 21.2.2018, lch. 44.

11 https://eige.europa.eu/publications/gender-regional-cohesion-policy

12 IO C 252, 18.7.2018, lch. 99.

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2017 maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach in 2014-2015[1] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 4 Aibreán 2017 maidir le mná agus a róil i gceantair thuaithe[2] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Meitheamh 2017 maidir le Straitéis AE a bheith riachtanach chun deireadh a chur leis an mbearna phinsin idir na hinscní agus í a chosc[3] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir le cumhachtú eacnamaíoch na mban sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí in AE[4] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2018 maidir le mná, comhionannas inscne agus ceartas aeráide[5] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Márta 2018 maidir le comhionannas inscne i gcomhaontuithe trádála AE[6] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Aibreán 2018 maidir le mná agus cailíní a chumhachtú tríd an earnáil dhigiteach[7] ,

– ag féachaint don rún uaithi an 15 Samhain 2018 maidir le seirbhísí cúraim in AE le haghaidh comhionannas inscne níos fearr a bhaint amach[8] ,

– ag féachaint don staidéar dar teideal *Gender budgeting – Mainstreaming gender into the EU budget and macroeconomic policy framework* [Buiséadú inscne - Inscne a phríomhshruthú sa chreat beartais buiséid agus mhaicreacnamaíoch] ó EIGE*,* a foilsíodh an 10 Aibreán 2019[9]

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d’Fhir an 19 Nollaig 2018 dar teideal *The future of gender equality strategy after 2019: the battles that we win never stay won* [Todhchaí na straitéise maidir le comhionannas inscne i ndiaidh 2019: ní bua go brách gach cath a mbeirtear bua ann][10],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2019 maidir le comhionannas inscne agus beartais chánach in AE[11],

1 IO C 263, 25.7.2018, lch. 49.
2 IO C 298, 23.8.2018, lch. 14.
3 IO C 331, 18.9.2018, lch. 60.
4 IO C 346, 27.9.2018, lch. 6.
5 IO C 458, 19.12.2018, lch. 34.
6 IO C 162, 10.5.2019, lch. 9.
7 IO C 390, 18.11.2019, lch. 28.
8 IO C 363, 28.10.2020, lch. 80.
9 https://eige.europa.eu/publications/gender-budgeting-mainstreaming-gender-eu-budget-and-macroeconomic-policy-framework
10 https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/aid_development_cooperation_fundamental_rights/opinion_on_gender_equality_policy_post_2019_2018_en.pdf
11 IO C 411, 27.11.2020, lch. 38.

– ag féachaint dá rún an 13 Feabhra 2019 maidir le frithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne in AE[1] ,

– ag féachaint do Dhoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 6 Márta 2019 dar teideal *2019 Report on equality between women and men in the EU* [Tuarascáil 2019 maidir le comhionannas idir mná agus fir in AE] (SWD(2019)0101)[2] ,

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Samhain 2019 maidir le haontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl agus bearta eile chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac[3] ,

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 dar teideal *Gender-Equal Economies in the EU: The Way Forward* [Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Romhainn][4] ,

– ag féachaint don staidéar dar teideal *Fiontraithe atá ar Iarraidh 2019: Beartais maidir le fiontraíocht chuimsitheach*, a d'fhoilsigh ECFE an 10 Nollaig 2019[5]

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Nollaig 2019 maidir le hidirdhealú poiblí agus fuathchaint i gcoinne daoine LADTI, lena n-áirítear saorlimistéir LADTI[6],

– ag féachaint don staidéar dar teideal *Gender Dimension of the EU Cohesion Policy* [Gné na hInscne de Bheartas Comhtháthaithe an Aontais] arna fhoilsiú ag a hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an 19 Feabhra 2019[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Feabhra 2020 maidir le tosaíochtaí AE don 64ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe ar Stádas na mBan[9],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint do bhileog eolais an 17 Meitheamh 2020 ón gCoimisiún dar teideal *Coronavirus Pandemic – Impact on Gender Equality* [Paindéim an Choróinvíris – a tionchar ar an gComhionannas Inscne][10],

---

1 IO C 449, 23.12.2020, lch. 102.
2 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7263-2019-INIT/en/pdf
3 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0080.
4 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14254-2019-INIT/ga/pdf.
5 https://www.oecd.org/industry/the-missing-entrepreneurs-43c2f41c-en.htm
6 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0101.
7 Staidéar/ Grinnanailís - 'Gné na hInscne de Bheartas Comhtháthaithe an Aontais', Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 19 Feabhra 2019, le fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2019/629185/IPOL_STU(2019)629185_EN.pdf
8 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0025.
9 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0039.
10 https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/research_and_innovation/research_by_

– ag féachaint do theachtaireacht an 29 Bealtaine 2020 ó Chomhairle na hEorpa dar teideal *National minorities and COVID-19: inequality deepened, vulnerability exacerbated* [Mionlaigh náisiúnta agus COVID-19: neamhionannas níos measa, géarú ar an míbhuntáiste],

– ag féachaint do Phlépháipéar 129 an 24 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal *Gender Smart Financing – Investing In & With Women: Opportunities for Europe* [Maoiniú Inscne-Chliste – Infheistíocht a Dhéanamh i agus le Mná: Deiseanna don Eoraip][1] ,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2020 dar teideal *A Union equality: EU anti-racism action plan 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025] (COM(2020)0565),

– ag féachaint don Innéacs Comhionannais Inscne 2020 ó EIGE, a foilsíodh an 16 Deireadh Fómhair 2020[2] ,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal *Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025] (COM(2020)0698),

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A9-0154/2021),

A. de bhrí go bhfuil an comhionannas idir mná agus fir ina bhunluach de chuid an Aontais agus go gcumhdaítear é sna Conarthaí agus sa Chairt; de bhrí gur cheart, dá bhrí sin, príomhshruthú inscne a chur chun feidhme agus a chomhtháthú mar phrionsabal cothrománach i ngníomhaíochtaí, bearta, gníomhartha agus cláir uile AE agus i dtionscadail agus beartais uile arna gcistiú ag an Aontas, lena n-áirítear an Beartas Comhtháthaithe; de bhrí go bhfuil gá le hiarrachtaí níos mó chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha éagsúla idirdhealaithe agus neamhionannais a bhfuil ar mhná aghaidh a thabhairt orthu; de bhrí go suitear le hAirteagal 7 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna[3] do 2014-2020 nach mór comhionannas idir fir agus mná agus comhtháthú ghné na hinscne a chur san áireamh agus a chur chun cinn i rith ullmhú agus chur chun

---

area/documents/ec_rtd_covid19-gender-equality_factsheet.pdf

1 https://ec.europa.eu/info/publications/gender-smart-financing-investing-and-women-opportunities-europe_en

2 https://eige.europa.eu/publications/gender-equality-index-2020-digitalisation-and-future-work

3 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

feidhme na gclár, lena n-áirítear maidir le faireachán, tuairisciú agus meastóireacht; de bhrí go bhfuil tiomantas, misneach agus ceannaireacht léirithe ag mná agus ag fir atá ar thús cadhnaíochta sa chomhrac ar son an chomhionannais maidir le comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud an domhain, go háirithe in áiteanna a bhfuil neamhionannais den sórt sin fós ann, ina ndéantar géarleanúint ar mhná agus ina sáraítear a gcearta díreach toisc gur mná iad; de bhrí gur cheart dúinn, mar shaoránaigh Eorpacha, a bheith bródúil as cearta agus oibleagáidí, saoirsí agus deiseanna idir fir agus mná a bheith bainte amach againn, agus de bhrí go bhfuil mná ag stiúradh cuid de na hinstitiúidí is tábhachtaí agus go bhfuil cuid de na poist pholaitiúla is suntasaí acu san Eoraip; de bhrí go gcabhraíonn na samplaí dearfacha sin le tús a chur le haghaidh a thabhairt ar na steiréitíopaí atá ann faoi láthair agus chun eiseamláirí a chur chun cinn;

B. de bhrí go dtugtar aghaidh sa bheartas comhtháthaithe ar éagothromaíochtaí idir réigiúin éagsúla agus ar chúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla chun a fhorbairt chomhchuí fhoriomlán a chur chun cinn d’fhonn comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach, a bhfuil baint amach an chomhionannais inscne mar chuid riachtanach de, de bhrí go bhfuil a ábharthacht léirithe ag an mbeartas comhtháthaithe trí dhul chun cinn suntasach chuig comhionannas idir saoránaigh agus cothromaíocht idir an baile agus tuath a bhaint amach;

C. de bhrí gur uirlis thábhachtach é an beartas comhtháthaithe ní hamháin chun tacú go gníomhach agus go héifeachtach le comhionannas idir na saoránaigh a bhaint amach, leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, ach chun na héagothromaíochtaí a dhéanann difear do ghrúpaí atá fós thíos leis an idirdhealú a laghdú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena dtreoshuíomh gnéasach; de bhrí gur cuspóir cothrománach do chistí uile an bheartais chomhtháthaithe é an comhionannas inscne a chur chun cinn; de bhrí gur acmhainn an-tábhachtach iad na Cistí Struchtúracha chun tacú leis na Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh i réimse an chomhionannais inscne;

D. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach an comhionannas inscne, an comhionannas idir fir agus mná, réigiúin nó glúnta, i measc nithe eile, a bhaint amach chun éagothromaíochtaí áitiúla agus réigiúnacha, agus eacnamaíocha agus sóisialta a laghdú, chomh maith le hiomaíochas fadtéarmach agus forbairt chothrom, chuimsitheach agus inbhuanaithe AE, a Bhallstát agus a réigiún a áirithiú; de bhrí go ndearnadh dul chun cinn le blianta beaga anuas i réimse an chomhionannais idir fir agus mná, agus go bhfuil feabhas tagtha ar an gcomhionannas inscne in AE go cothrománach in go leor bealaí; de bhrí go léirítear le tearcionadaíocht na mban sa mhargadh saothair agus leis na táscairí atá ar fáil go bhfuil deighilt ingearach agus chothrománach sa mhargadh saothair, agus sna réimsí socheacnamaíocha agus polaitiúla; de bhrí gur áiríodh cheana i gConradh na Róimhe prionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann, agus de bhrí gur féidir leis an mbeartas comhtháthaithe rannchuidiú leis na dálaí atá mar bhonn ag an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chruthú, a bhfuil tairbhe ag baint leo freisin maidir leis an mbearna sin a laghdú tuilleadh agus maidir le cuimsiú na mban sa mhargadh saothair; de bhrí, de réir EIGE, go mbeadh tionchar láidir dearfach sóisialta agus eacnamaíoch ag cur chun cinn éifeachtach an chomhionannais inscne, lena n-áirítear méadú ar OTI *per capita* AE, na milliúin post breise agus méadú ar OTI na mBallstát;

E. de bhrí go bhfuil príomhshruthú inscne sa bhuiséad Eorpach á mheasúnú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa faoi láthair; de bhrí go dtabharfar léargas úsáideach sa tuarascáil iniúchóireachta sin, atá le foilsiú sa chéad ráithe de 2021, ar an mbealach ina bhféadfaí

gné na hinscne a chur chun feidhme i ngníomhaíochtaí an bheartais chomhtháthaithe faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027;

F. de bhrí, le linn thréimhse chlársceidealaithe 2014-2020, gurb iad na príomheilimintí criticiúla chun an comhionannas inscne a chur chun cinn tríd an mbeartas comhtháthaithe ná, i measc nithe eile, an bhearna idir ráitis fhoirmiúla i gComhaontuithe Comhpháirtíochta agus i gCláir Oibríochtúla (lena ndearbhaítear cur chun cinn phrionsabail an chomhionannais deiseanna agus an neamh-idirdhealaithe) agus a gcur chun feidhme iarbhír, chomh maith leis an tiomantas polaitiúil atá sách lag sa réimse seo; de bhrí go ndearbhaíonn na Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus na Cláir Oibríochtúla go n-urramaíonn siad agus go gcuireann siad chun cinn prionsabail an chomhionannais deiseanna agus an neamh-idirdhealaithe; de bhrí go bhfuil gá fós le hiarrachtaí níos mó maidir le rannpháirtíocht na mban i ngach céim de thimthriall an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe i bhforbairt clár agus i bpróisis chinnteoireachta, chomh maith le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe; de bhrí, le linn thréimhse chlársceidealaithe 2014-2020, go ndeachthas i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le hinscne go príomha trí Chláir Oibríochtúla Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE); de bhrí, le linn na tréimhse céanna, gur rannchuidigh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn ar bhealach an-teoranta;

G. de bhrí go bhfuil sonraí imdhealaithe ó thaobh inscne de atá bunaithe ar fhoinsí iontaofa agus fíoraithe agus ar tháscairí a bhaineann le hinscne bunriachtanach chun lamháil d’earnálacha nó do réigiúin áirithe tacaíocht AE a úsáid go héifeachtach, bunaithe ar réaltacht áitiúil na neamhionannas, chun feabhas a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta agus chun measúnú a dhéanamh ar thoradh ghníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha an bheartais chomhtháthaithe lena ndírítear ar shainaithint na neamhionannas nó na n-éagóracha féideartha a ndéanfaidh siad gníomhaíocht ina leith a chur chun cinn agus beartais éifeachtacha a fhorbairt chun cearta agus saoirsí comhionanna a chosaint i measc saoránach;

H. de bhrí go bhfuil an comhtháthú beartais i réimse an chomhionannais inscne easnamhach, agus de bhrí nach ann fós do chóras aontaithe lena n-éascófaí tuiscint chomhionann agus cur chun feidhme comhionann maidir le príomhshruthú inscne in institiúidí AE;

I. de bhrí nach eol fós iarmhairtí iomlána eacnamaíocha, fostaíochta ná sóisialta na paindéime; de bhrí go dtugtar le tuiscint le réamhstaidéir go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis géarú ar na neamhionannais atá ann cheana idir fir agus mná, go háirithe ó thaobh méadú ar obair chúraim neamhíoctha agus ar mhíchothromaíocht oibre is saoil, mar aon le foréigean teaghlaigh, agus go bhfuil tionchar díréireach aige sin ar chailíní agus ar mhná, go háirithe iad siúd ó ghrúpaí imeallaithe; de bhrí gur minic is mná iad formhór na ndaoine sna hearnálacha atá nochta don phaindéim, amhail an t-oideachas agus an tsláinte; de bhrí gur cheart an méid sin a chur san áireamh sa bheartas comhtháthaithe agus, go sonrach, in CSE+ atá ar na bacáin;

J. de bhrí go dtacaíonn Ciste Téarnaimh AE le hearnálacha a ndéanann an géarchéim difear mór dóibh; de bhrí go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ag an tionchar ar shochaí na hEorpa ina hiomláine, dá bhrí sin, ar oideachas, ar infhostaitheacht agus ar thodhchaí na saoránach go léir, agus gur cheart an mhearfhreagairt ó na hinstitiúidí Eorpacha agus a dtoilteanas chun tacú le sochaí na hEorpa a mholadh; de bhrí go ndíríonn tosaíochtaí uileghabhálacha Chiste Téarnaimh AE ar earnálacha ina bhfuil cion ard d’fhostaíocht na

bhfear agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh baol a bheith ann go méadófaí neamhionannais idir fir agus mná san fhostaíocht;

K. de bhrí nach bhfuil na hacmhainní, na riachtanais agus na roghanna céanna ag mná agus ag fir; de bhrí gur minic a chuirtear dearcadh na bhfear san áireamh den chuid is mó in go leor beartas; de bhrí, mar sin de, go mbíonn taithí éagsúil ag mná agus ag fir ar sheirbhísí agus ar bhonneagair agus nach minic gurb ionann tosaíochtaí na mban agus na bhfear ó thaobh seirbhísí bunúsacha de;

L. de bhrí gurb iad fiontair bheaga agus mheánmhéide cnámh droma na ngeilleagar réigiúnach; de bhrí, le comhionannas, cothromaíocht oibre is saoil, fostaíocht chuimsitheach agus pá comhionann, go gcumasófar an comhionannas inscne in FBManna;

M. de bhrí go ndéanann go leor infheistíochtaí difear do mhná agus d’fhir ar bhealaí éagsula, rud a fhágann gur gá gné an chomhionannais inscne a chur i bhfeidhm maidir le hinfheistíochtaí;

***Ról an bheartais chomhtháthaithe i gcur chun cinn an chomhionannais inscne chun tairbhe an fhoráis shocheacnamaíoch agus na forbartha inbhuanaithe***

1. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an beartas comhtháthaithe i ndáil leis an gcomhionannas idir daoine agus idir réigiúin a chur chun cinn, lena n-áirítear an comhionannas inscne, agus i ndáil le Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne a chur chun feidhme, lena n-áirítear a tosaíochtaí sláinte a bhaineann le hinscne amhail sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (SRHR); á mheabhrú go bhfuil acmhainní iomchuí, leordhóthanacha agus inbhuanaithe de dhíth ar chuspóirí beartais uile, agus atá tiomnaithe dá gcur chun feidhme; á mholadh go gcuirfeadh na Ballstáit bearta an chomhionannais inscne san áireamh agus cláir á bhforbairt agus á bhformheas acu;

2. á chreidiúint go láidir go dtugtar aghaidh, den chuid is mó, ar an gcomhionannas inscne ar bhealach ginearálta agus atá teoranta do réimsí beartais CSE, chomh maith maidir leis an gcéim anailíse comhthéacs agus clársceidealaithe, agus gur gá níos mó airde a thabhairt ar bhonn rialta ar chéimeanna cur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta ag an am céanna; á mheabhrú gur gá, i gcás gach céime clársceidealaithe, na réimsí tosaíochta a rannchuidíonn leis an gcomhionannas inscne agus le forbairt inbhuanaithe a shainaithint;

3. á chreidiúint go láidir gur cheart rialacha AE a scríobh ar bhealach soiléir agus sainráite lena n-éascófaí a gcur chun feidhme ar mhaithe le saoránaigh, lena n-áirítear maidir leis an gcomhionannas inscne agus an comhionannas idir fir agus mná; á chur i bhfios go láidir gur cúis mhór idirdhealaithe í an easpa acmhainní iomchuí;

4. ag cur béim ar an ngá atá le tiomantas láidir polaitiúil chun an comhionannas inscne a chosaint ó thaobh an dlí de ar mhaithe leis an daonra iomlán agus ar mhaithe le fás eacnamaíoch agus forbairt chríochach atá cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe; á chur i bhfios go bhfuil sé riachtanach, chun an comhionannas inscne a bhaint amach, dea-chothromaíocht oibre is saoil a áirithiú a laghdóidh an brú ar mhná le linn saoire a bhaineann leis an teaghlach; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfuil gá le straitéis níos láidre maidir le cothromaíocht oibre is saoil don Aontas mar bhealach chun an

comhionannas inscne a chur chun cinn;

5. ag cur béim ar a thábhachtaí atá creat rialachais comhordaithe maidir leis an gcomhionannas inscne, treoirlínte náisiúnta agus tacaíocht theicniúil d’fhaireachán tionchair inscne, a bheidh ar fáil i dteangacha oifigiúla AE, chomh maith le grinnscrúdú níos láidre ar leibhéal an Aontais tar éis ghlacadh na gclár; á iarraidh, ina theannta sin, go gcuirfí an nasc leis na pleananna náisiúnta a eascraíonn as an bplean téarnaimh san áireamh agus cuspóirí forbartha eacnamaíche agus sóisialta de na cláir sin á bhforbairt;

6. ag cur béim ar an ngá atá le straitéis maidir leis an gcomhionannas inscne ina mbeidh cuspóirí agus spriocanna soiléire ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, agus an gá le cláir múscailte feasachta maidir leis na tairbhí a bhaineann leis an gcomhionannas inscne agus le comhionannas deiseanna do mhná agus d’fhir a shaothrú ar mhaithe le fás socheacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach;

7. á mheas gur gá borradh a chur faoi scileanna, agus oiliúint agus forbairt acmhainne na nÚdarás Bainistíochta agus na gcomhpháirtithe cur chun feidhme a fhorbairt tuilleadh maidir le gné inscne na gCistí Struchtúracha, mar aon leis an ngá atá le straitéisí faireacháin comhordaithe, modheolaíocht aontaithe agus córais mheastóireachta aontaithe a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le sonraí úsáideacha a bhainistiú agus a imdhealú, ar sonraí iad atá dírithe ar neamhionannais a d’fhéadfadh a bheith ann idir saoránaigh a shainaithint; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé meastóireacht a dhéanamh ar an aschur oiliúna chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht ó thaobh feabhas a chur ar chur chun feidhme an phríomhshruthaithe inscne;

8. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé prionsabal na comhpháirtíochta a urramú sa chlársceidealú náisiúnta faoin mbeartas comhtháthaithe; á iarraidh ar na Ballstáit comhordú go dlúth le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, leis an tsochaí shibhialta agus leis an saol acadúil faoi chuimsiú phrionsabal na comhpháirtíochta ar bhealach cothrománach agus nuair a bheidh an comhaontú comhpháirtíochta á dhréachtú chun dúshláin a bhaineann le beartais éifeachtacha chomhionannais a chur san áireamh ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, agus ag spreagadh na mBallstát chun feachtais a chur i gcrích maidir le beartais chomhionannais a chur chun cinn, go háirithe sna réimsí a bhaineann le réiteach na hoibre agus an tsaoil phríobháidigh, deireadh a chur le steiréitíopaí inscne i roghanna gairme agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a fheabhsú;

9. á mheas gur cheart go mbeadh táscairí níos soiléire ag geallsealbhóirí clár agus ag coistí faireacháin maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht clár i dtaca le gné na hinscne i dtionscadail nithiúla a chur chun feidhme, go háirithe in idirghabhálacha CFRE; á mheas go bhfuil na treoirlínte, na cláir oiliúna agus na samplaí nithiúla den dea-chleachtas chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin teoranta i gcónaí; á chur i bhfios, i ndáil leis sin, an acmhainneacht atá ag CFRE/an Ciste Comhtháthaithe chun an bhearna atá os comhair na mban a dhúnadh, agus aird ar leith á tabhairt ar fhiontraíocht na mban agus ar an earnáil dhigiteach, ós rud é nach ionann mná ach 34.4 % de dhaoine féinfhostaithe agus 30 % d’fhiontraithe nuathionscanta san Aontas Eorpach; ag tathant ar an gComhairle teacht ar chomhaontú ar thogra le haghaidh treorach maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin de chuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin agus i dtaca le bearta gaolmhara (an Treoir maidir le Mná ar Bhoird), ós rud é gur uirlis an-tábhachtach í chun cothromaíocht

inscne níos fearr a bhaint amach sa chinnteoireacht eacnamaíoch ar an leibhéal is airde; á iarraidh go ndéanfaí cuid de na cistí beartais chomhtháthaithe a thiomnú do thacaíocht a thabhairt do mhná atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, do mhná atá i mbaol na bochtaineachta, do mháithreacha aonair, do mhná faoi mhíchumas agus do mhná ar íospartaigh foréigin iad; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar a n-údaráis faoi seach cláir den sórt sin a chur i gcrích;

10. á chur i bhfáth gur cheart go n-áiritheodh na cláir uile a chuirtear chun feidhme faoin mbeartas comhtháthaithe an comhionannas inscne i rith a n-ullmhaithe, a gcur chun feidhme, a bhfaireacháin agus a meastóireachta, chomh maith le deiseanna comhionanna do chách, lena n-áirítear trí ghníomhaíocht dhearfach i gcás inar gá agus inarb infheidhme, gan idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar inscne, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach; á chur i bhfios go láidir gur cheart freisin cur chuige trasnach a ghlacadh leis na gníomhaíochtaí atá dírithe ar an mbearna idir na hinscní a dhúnadh faoin mbeartas comhtháthaithe; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh cothromaíocht inscne ann i gcomhdhéanamh na ngrúpaí saineolaithe sna céimeanna éagsúla den timthriall beartais;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar a n-údaráis faoi seach prionsabail an smachta reachta a leanúint, lena n-áirítear prionsabal an neamh-idirdhealaithe, agus urraim a thabhairt do chearta bunúsacha a mhéid a bhaineann le cinntí maidir le cláir nó réigiúin chistiúcháin, agus faireachán, imscrúdú agus gníomhaíochtaí iomchuí i gcás sáruithe ar na prionsabail sin á leanúint, agus cosaint na dtairbhithe deiridh á háirithiú i gcónaí; ag creidiúint nár cheart do thairbhithe an bheartais chomhtháthaithe aon bheartas idirdhealaitheach a ghlacadh, go háirithe i gcoinne na ngrúpaí sin atá fós thíos le hidirdhealú, amhail an pobal LGBTI; ag moladh go ndiúltófaí iarratais ó thairbhithe féideartha, lena n-áirítear iarratais ó údaráis réigiúnacha nó áitiúla, a ghlac beartais idirdhealaitheacha i gcoinne daoine de phobal LGBTI amhail an dearbhú maidir le limistéir 'saor ó LGBTI';

12. á chur i bhfios gur gá feabhas a chur ar shineirgí idir comhtháthú, cistí téarnaimh agus cláir eile atá ann cheana, amhail cláir a bhfuil sé mar aidhm leo dálaí oibre do mhná a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an mbearna phá idir na hinscní agus an fhostaíocht fhorbhásach a chomhrac, infheistiú a dhéanamh i saoráidí cúraim, foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus a chosc, agus rochtain ar sheirbhísí SRHR a áirithiú i measc nithe eile;

13. ag aithint an ualaigh a chuirtear ar mhná mar phríomhchúramóirí i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, chomh maith lena luach sóisialta, go háirithe le linn ghéarchéim COVID-19; ag aithint gurb iad cúramóirí neamhfhoirmiúla neamhíoctha go minic, ar mná iad 75 % díobh sin, a chuireann 80 % den chúram ar fáil ar fud an Aontais; ag léiriú, dá bhrí sin, ról ríthábhachtach an bheartais chomhtháthaithe maidir le hinfheistíochtaí leordhóthanacha a áirithiú i seirbhísí cúraim; á iarraidh ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do na cistí atá ar fáil laistigh den bheartas comhtháthaithe chun cúram a sholáthar ní hamháin chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar bhonneagar cúraim, ach freisin chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhearnaí inscne san fhostaíocht, ar bhearnaí pá agus pinsin mar thoradh air sin, ar dheighilt sa mhargadh saothair agus, mar thoradh air sin, chun dálaí oibre a fheabhsú agus chun an pá céanna a áirithiú don obair chéanna, chun fostaíocht neamhfhoirmiúil agus fhorbhásach a chomhrac agus chun poist nua ardcháilíochta a chruthú san earnáil sin, chomh maith le

tacú le haistriú chuig geilleagar cúraim níos fearr atá inrochtana do chách; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, Margadh Cúraim don Eoraip a mholadh a bheadh dírithe ar thacaíocht a thabhairt don aistriú sin; á chur i bhfáth ina theannta sin go bhfuil gá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcosaint shocheacnamaíoch na mban, ós rud é go nglacann siad an fhreagracht orthu féin maidir le hobair chúraim neamhíoctha an chuid is mó den am agus nach mbíonn mórán cosanta sóisialta acu go minic;

14. á chur i bhfios nach mór dul i ngleic fós le bearna thromchúiseach dhigiteach agus gur gá infheistíocht níos mó a dhéanamh sa digitiú, sa nuálaíocht dhigiteach agus sa nascacht dhigiteach; á chur i bhfáth gur gá don bheartas comhtháthaithe tacú le rochtain chothrom ar oiliúint agus ar fhostaíocht do mhná agus d’fhir, gníomhaíocht dhearfach a chur chun feidhme chun an bhearna dhigiteach idir na hinscní a dhúnadh agus chun tacú leis an aistriú cóir, an t-aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cosaint á tabhairt do na hoibrithe sin a ndéanfaidh na haistrithe sin difear dóibh, mar shampla trí chion na gcéimithe mná in ábhair ETIM a mhéadú, chomh maith lena rannpháirtíocht in earnálacha atá ríthábhachtach don aistriú comhshaoil, amhail an earnáil fuinnimh; ag aithint gur príomhghné den fhorbairt inbhuanaithe agus de phoist ghlasa í an nuálaíocht agus gur féidir le straitéisí saincheaptha cur ar chumas gach réigiúin a bhuntáistí iomaíocha féin a shainaithint agus a fhorbairt;

15. á chur i bhfios go láidir an ról ríthábhachtach atá ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán, lena n-áirítear cúram sláinte, agus bonneagar sóisialta, chun neamhionannais éagsúla a chomhrac, go háirithe neamhionannas inscne, agus chun athléimneacht shóisialta a fhothú agus chun déileáil le géarchéimeanna eacnamaíocha, sóisialta agus sláinte; á mheabhrú go bhfuil an beartas comhtháthaithe dírithe ar fhorbairt chomhchuí na réigiún trí chuspóir an chóineasaithe shóisialta agus eacnamaíoch, agus, ar an gcaoi sin, ag rannchuidiú le folláine na saoránach; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur cheart aird ar leith a thabhairt sa bheartas comhtháthaithe ar mhná a bhfuil cónaí orthu i limistéir a ndéanann an t-aistriú tionsclaíoch difear dóibh agus i réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu, amhail na réigiúin is forimeallaí nó réigiúin a bhfuil daonra an-íseal acu agus inar tearc an daonra agus réigiúin oileánacha, trasteorann agus shléibhteacha; á chur in iúl go gcuidíonn cur chun feidhme éifeachtach na mbeartas um chomhionannas inscne le treochtaí dídhaonraithe a aisiompú i réigiúin a thagann le chéile atá soghabhálach i leith an fheiniméin sin;

16. á chur i bhfios an deis atá ag na straitéisí forbartha comhtháite inbhuanaithe uirbeacha agus críochacha arna ndéanamh ag rialtais áitiúla agus réigiúnacha i gcomhréir le Clár Oibre 2030, lena n-áirithítear go dtabharfar aghaidh ar gach gné den fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 5, nuair a bheidh beartais á gceapadh ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach; á chur i bhfáth an ról atá ag na cathracha agus ag na réigiúin a bhí ar thús cadhnaíochta le fada i dtreo an chomhionannais inscne a chur chun cinn, chomh maith le tionscnaimh Eorpacha um fhorbairt uirbeach, amhail Cairt Leipzig; á chreidiúint gur cheart, leis an mbeartas comhtháthaithe, rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar neamhionannais uirbeacha fhorleathana trí mhná a lánpháirtiú ar bhealach níos fearr sa phleanáil beartais don fhorbairt réigiúnach agus uirbeach chun cathracha agus pobail a oibríonn do chách a dhearadh a bheadh cuimsitheach ó thaobh inscne de; á chur i bhfios go láidir gur féidir le pleanáil uirbeach atá íogair ó thaobh inscne de rochtain níos córa agus níos cothroime ar earraí uirbeacha a áirithiú; á chur i bhfáth thairis sin go bhfuil ról lárnach ag réigiúin agus ag rialtais áitiúla i gcur chun cinn an chuimsithe shóisialta, agus go bhféadfaí, le

pleanáil chríochach atá íogair ó thaobh inscne de, rannchuidiú le dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas sin;

***Comhionannas inscne sa bheartas comhtháthaithe i ndiaidh 2020***

17. á iarraidh go mbeidh tiomantas láidir polaitiúil ann don chomhionannas inscne ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun feabhas a chur ar an aird a thugann na geallsealbhóirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar an gcomhionannas inscne agus ar ghnéithe an chomhionannais, ó thaobh chearta an duine de agus mar thoisc ríthábhachtach d’fhorbairt shocheacnamaíoch, agus chun tiomantas breise a chur chun cinn sa réimse sin;

18. á iarraidh go dtabharfaí isteach spriocanna agus ceanglais shoiléire agus nithiúla maidir le cuspóirí an chomhionannais inscne agus go dtabharfaí isteach deiseanna agus comhionannas níos fearr idir fir agus mná i ngach clár i ndiaidh 2020, le bearta sonracha agus idirdhisciplíneacha le haistriú isteach sna hoibríochtaí go léir;

19. ag tacú go láidir leis an gceanglas *ex ante* straitéis náisiúnta um chomhionannas inscne a fhorbairt ina mbeadh cuspóirí agus spriocanna soiléire chun taca a chur faoi idirghabhálacha beartais chomhtháthaithe d’fhonn feabhas a chur ar a éifeachtacht agus ar a breisluach i ndáil leis an gcomhionannas inscne; á iarraidh ar na Ballstáit straitéis den chineál sin a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhearta spriocdhírithe, oibleagáidí agus treoirlínte ceangailteacha;

20. á iarraidh ar na Ballstáit leas a bhaint as cistiú an bheartais chomhtháthaithe chun na héagothromaíochtaí réigiúnacha eacnamaíocha agus sóisialta a laghdú tuilleadh agus béim ar leith á leagan ar bhaineannú na bochtaineachta, ar dhífhostaíocht i measc na mban agus a n-eisiamh ó go leor deiseanna eacnamaíocha a chomhrac, ar gach cineál foréigin agus idirdhealaithe inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, ar chumhachtú na mban a chur chun cinn agus a shaothrú trí fheabhas a chur ar rochtain ar an margadh saothair agus ar ath-imeascadh sa mhargadh saothair agus ar aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí a bhaineann le sláinte mar a shainítear iad sa Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025, go háirithe sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (SRHR) mar ghné bhunriachtanach d’fholláine daoine, agus chun an comhionannas inscne a chur chun cinn; á iarraidh, ina theannta sin, go bhfeabhsófaí sineirgí idir na Cistí Comhtháthaithe agus na Cistí Téarnaimh agus na cláir eile atá ann cheana agus é mar aidhm leo dálaí oibre a fheabhsú do mhná, lena n-áirítear tríd an mbearna phá idir na hinscní, an fhostaíocht fhorbhásach agus obair neamhfhoirmiúil a chomhrac, trí infheistiú a dhéanamh i saoráidí cúraim, foréigean bunaithe ar inscne a chomhrac agus a chosc agus rochtain ar sheirbhísí SRHR a áirithiú, i measc nithe eile;

21. ag cur béim ar a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí le comhlachtaí comhionannais inscne agus ag tacú go láidir le rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sin i ngach céim den chlár chun ailíniú níos fearr a ráthú idir na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme agus riachtanais na mban agus na bhfear trí chreataí institiúideacha a chomhdhlúthú agus trí chomhlachtaí comhordaithe agus tacaíochta maidir leis an gcomhionannas inscne a neartú i ngach réimse beartais;

22. á iarraidh go dtabharfaí isteach measúnú tionchair inscne *ex ante* agus *ex post* mar chuid de mheastóireachtaí na mBallstát, i ndáil leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn

i dtaobh an chaoi a gcaitear na cistí agus i dtaobh an ndéantar spriocanna comhionannais inscne a urramú go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú, le linn an athbhreithnithe mheántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe i ndiaidh 2020, go ndéanfar meastóireacht ar úsáid a bhfoinsí chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, ar a n-éifeachtúlacht, ar a dtionchar agus, i gcás inarb infheidhme, a gcuimsitheacht agus a neamh-idirdhealú, lena n-áirítear ó thaobh ghné na hinscne de;

23. á mheabhrú gur gá meastóireacht a dhéanamh ar na Cistí ar bhonn faisnéis arna bailiú trí cheanglais faireacháin shonracha; á chur i bhfáth gur cheart, le táscairí intomhaiste, i gcás inarb iomchuí, go mbeifí in ann freisin faireachán a dhéanamh ar an tacaíocht a thugtar don chomhionannas inscne;

24. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur cuireadh isteach an comhionannas inscne agus an príomhshruthú mar cheann de thosaíochtaí cothrománacha CAI nua agus mar phrionsabal cothrománach i Rialachán nua na bhForálacha Coiteanna; á mheabhrú gurb é atá i mbuiséadú inscne ná cur i bhfeidhm an phríomhshruthaithe inscne ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an bhfaireachán ar na cláir ní hamháin an caiteachas ábhartha a thomhas sna línte buiséid go léir, ach, níos tábhachtaí fós, measúnú a dhéanamh ar thoradh bhuiséad an Aontais maidir leis an gcomhionannas inscne a fheabhsú; á thabhairt chun suntais gur cheart aon mheasúnú tionchair inscne a bheith ar fáil i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh; á mholadh go n-úsáidfí critéir lena ndéanfar measúnú ní hamháin ar an bpá airmheánach náisiúnta agus ar an ollioncam airmheánach bliantúil i bpaireacht cumhachta ceannaigh, ach freisin ar tháscairí neamheacnamaíocha, amhail na táscairí sin lena dtomhaisfear an fholláine shuibiachtúil, díothú an fhoréigin inscnebhunaithe, rannpháirtíocht shibhialta, cothromaíocht oibre is saoil agus naisc shóisialta; á chur i bhfios go láidir nach féidir measúnú a dhéanamh ar an toradh ach amháin má tá sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de ar fáil;

25. á thabhairt chun suntais go bhfuil bearna sonraí maidir le hinscne i réimse an bheartais chomhtháthaithe agus na pleanála uirbí, atá ann i roinnt Ballstát, agus á iarraidh ar na Ballstáit modhanna bailithe sonraí a thabhairt isteach a chomhfhreagraíonn do shonraí atá imdhealaithe de réir inscne ionas go bhféadfar anailís cheart a dhéanamh ar éagsúlachtaí idir na hinscní; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún, chun príomhshruthú inscne a áirithiú, measúnú tionchair inscne a chur chun feidhme do gach beartas agus do gach togra reachtach i réimse an bheartais chomhtháthaithe, táscairí inscne-fhreagrúla a shainiú, sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú agus meastóireachtaí inscne-fhreagrúla a dhéanamh;

26. á iarraidh ar gach institiúid treoirdhoiciméid agus, ar bhonn rialta, oiliúint phraiticiúil ar gach leibhéal riaracháin a chur ar fáil, ionas go scaipfear agus leabófar samplaí praiticiúla den dea-chleachtas maidir leis an bpríomhshruthú inscne, comhtháthú agus bainistíocht fónta; á chur i bhfáth, thairis sin, gur cheart na critéir maidir le príomhshruthú inscne a neartú ag céim roghnúcháin an tionscadail trí scóráil níos airde agus trí cheanglais le haghaidh gníomhaíochtaí níos praiticiúla; á chur in iúl gur díol sásaimh di ról EIGE i gcur chun cinn an chomhionannais inscne agus sa chomhrac i gcoinne an idirdhealaithe atá bunaithe ar inscne; á chur i bhfios go láidir go rannchuidíonn sé le príomhshruthú inscne ar bhonn dearfach, lena n-áirítear i réimse an bheartais chomhtháthaithe; á iarraidh go gcuirfí maoiniú leormhaith ar fáil do EIGE agus á mholadh go mbainfí leas as na huirlisí atá ann cheana, uirlisí a d'fhorbair EIGE

amhail a shraith straitéisí maidir le buiséadú inscne i ngach céim de mheastóireacht, de chur chun feidhme agus d'fhaireachán sna Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa;

27. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil an iliomad ban ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19, as ar eascair méadú i dtuairisciú an fhoréigin teaghlaigh; á iarraidh ar an gComhairle go tabharfaí i gcrích ar bhonn práinne Coinbhinsiún Iostanbúl maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistiú an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh agus cláir a chur ar fáil atá dírithe ar an bhforéigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac agus ar chabhair a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin; á thabhairt chun suntais na héagothromaíochtaí atá ann maidir le líon agus caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil do mhná agus do leanaí atá thíos le foréigean inscnebhunaithe agus an ról atá ag an mbeartas comhtháthaithe maidir leis na neamhionannais sin a dhíchóimeáil; á thabhairt chun suntais a riachtanaí atá sé go dtabharfadh údaráis áitiúla páirt d'fostóirí réigiúnacha agus do ENRanna ina gcuid oibre;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí riachtanacha maidir le gné na hinscne agus saincheisteanna a bhaineann le hinscne a áireamh ina theachtaireacht maidir le seoladh bheartas comhtháthaithe nua 2021–2027;

°

° °

29. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.